

Sceideal – I.R. Uimh. 29 de 2015

Cuid 1

Foirm A – Comhaltaí Údaráis Áitiúil

Comhairle Átha Cliath Theas

An tAcht Rialtais Áitiúil 2001 – Cuid 15 – Dearbhú Bliantúil

Ainm	Eoin Ó Broin
Dáta an tofa nó an chomhthofa	24 ^ú Bealtaine 2019
Tréimhse chuí [◊]	28 ^ú Feabhra 2022 – 28 ^ú Feabhra 2023

1. Soláthraím leis seo na sonraí seo a leanas a bhaineann leis na leasanna is gá dom a fhógairt mar a cheanglaítear le halt 171 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 agus atá leagtha amach agam i mír 1 go 10 ar an bhfoirm seo. Níl feidhm ag aon cheann de na forais dícháilithe dá dtagraítear in alt 13 ná 182 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 ná faoi alt 20 den Acht um Thoghcháin Áitiúla (Sintiúis agus Caiteachas a Nochtadh) 1999 maidir liom,
2. Dearbhaím leis seo gur léigh mé an Cód Iompair i gcomhair Comhairleoirí agus dearbhaím freisin go dtuigim an bhrí atá leis, agus
3. Geallaim leis seo féachaint do agus a bheith treoraithe ag an gCód Iompair i gcomhair Comhairleoirí i bhfeidhmiú na bhfeidhmeanna a thugtar dom. (D'eisigh an tAire an Cód Iompair i gcomhair Comhairleoirí faoi alt 169 den Acht Rialtais Áitiúil 2001.)

Sínithe ag: Eoin Ó Broin Dáta: 28/2/2023

[◊] Tréimhse chuí

Ciallaíonn tréimhse chuí an tréimhse arna clúdach agus sonraí á dtabhairt faoi leasanna is gá a fhógairt. I gcás an chéad dearbhaithe ciallaíonn sin an tréimhse 12 mí roimh agus lena n-áirítear an lá a shíniú tú an fhoirm. I ndáil le dearbhuithe ina dhiaidh sin is í an tréimhse an tréimhse idir an dáta a ndearna tú an dearbhú roimhe sin agus dáta an chéad dearbhaithe eile.

Cuid 2
Leasanna Is Gá a Fhógairt

I ndáil le gach aon cheann de na leasanna is gá a fhógairt seo a leanas arna sonrú in alt 175 den Acht Rialtais Áitiúil 2001, is cóir duit sonraí maidir le haon leasanna den sórt sin a bhí ar teachtadh agat (nó ag d'ainmní de réir mar a cheanglaítear) le linn na tréimhse cuí a sholáthar. Ní gá méid ná luach airgid aon leasanna is gá a fhógairt a shonrú. Tá nótaí a bhaineann le leasanna áirithe is gá a fhógairt ar chúl na foirme seo.

1. Gairm, slí bheatha, agus araile a bhaineann le bheith ag déileáil i dtalamh nó a bheith ag forbairt talún

Gairm, gnó nó slí bheatha ar bith ina bhfuil tú rannpháirteach nó fostaithe, cibé acu ar do shon féin nó eile, agus a bhaineann le bheith ag déileáil i dtalamh nó a bheith ag forbairt talún le linn na tréimhse cuí.

Tuairisc ar an ngairm, ar an tslí bheatha agus araile a bhaineann le talamh	Seoladh Gnó
N/B	N/B

2. Gairm, slí bheatha eile, agus araile

Ceird, gairm, fostaíocht, gairm bheatha, nó slí bheatha ar bith eile ar luach saothair a bhí agat le linn na tréimhse cuí.

Tuairisc ar an ngairm, ar an tslí bheatha agus araile	Seoladh Gnó
N/B	N/B

3. Talamh (úinéireacht, leas)

Eastát nó leas ar bith atá ar teachtadh agat i dtalamhⁱ sa Stát (lena n-áirítear i gcás gur comhalta tú nó gur comhalta é nó í d'ainmní de chuideachtaⁱⁱ nó de chomhlacht eile ag a bhfuil eastát nó leas i dtalamh) le linn na tréimhse cuí agus gan dochar don mhéid sin roimhe seo measfar go bhfolaíonn leas i dtalamh

- (a) leas a bhí agat in aon chonradh a rinne tú chun talamh a cheannach nó a dhíol, cibé acu an raibh nó nach raibh éarlais nó páirt-íocaíocht tugtha faoin gconradh; agus
- (b) leas a bhí agat in aon rogha a bhí ar teachtadh agat chun talamh a cheannach nó a dhíol, cibé acu ar íocadh nó nár íocadh aon chomaoin i leith na rogha sin, nó talamh maidir lenar fheidhmigh tú rogha den sórt sin ach nár tíolacadh duit fós,

ach gan leas lena mbaineann alt 167(3) den Acht maidir leisⁱⁱⁱ, a áireamh.

Seoladh Maoine	An cuspóir atá le húsáid na maoine
Faic	Faic

4. Gnó cuideachta a bhíonn ag déileáil i dtalamh, agus araile.

Gnó ar bith ag déileáil i dtalamh nó ag forbairt talún^{iv} a rinne cuideachta nó comhlacht eile ina bhfuil tú, nó aon ainmní leat, mar chomhalta, le linn na tréimhse cuí, más rud é nár dearbhaíodh an ní sin in áit éigin eile ar an bhfoirm seo.

Faic

5. Scaireanna agus araile

Aon sealúchas^v a bhí ar teachtadh agat i scaireanna, nó i mbannaí nó i mbintiúir, nó aon infheistíochtaí eile dá samhail, i gcuideachta ar leith nó i bhfiontar nó i ngnóthas eile (nach mbaineann le talamh ná le haon ghnó a bhaineann le bheith ag déileáil i dtalamh nó ag forbairt talún) i gcás gur mhó ná €12,697.38 ag tráth ar bith le linn na tréimhse cuí luach comhiomlán an tsealúchais.

Ainm agus seoladh na Cuideachta a bhfuil scaireanna agus araile inti	Cineál Gnó na Cuideachta agus araile.
Faic	Faic

6. Stiúirthóireachtaí

Stiúirthóireacht nó stiúirthóireacht fholaitheach^{vi} ar bith a bhí ar teachtadh agat in aon chuideachta le linn na tréimhse cuí seachas stiúirthóireacht nó stiúirthóireacht fholaitheach a bhí ar teachtadh de bhua ballraíochta nó fostaíochta in údarás áitiúil.

Seoladh Gnó na Cuideachta	An Cineál Gnó
CEEDS, Áras Rualach, Nailstown Rd., Dublin 22	Traenáil do fostaíocht.
CDATF, Weatherwell Ind. Est., Nail's Lock Road, Dublin 22	Drugs & Alcohol taskforce for Clonsilla and surrounds
CCR, 6 Oak Way, Dbl. 22	Clonsilla Community Radio
IEN, 1 Green St., Dublin 7	Irish Environmental Network of ENGO'S


7. **Bronntanais, Maoine agus**

Seirbhísí Bronntanais

- (1) Bronntanas ar bith, lena n-áirítear saoráidí taistil thar lear, a tugadh duit le linn na tréimhse cuí, ach gan
- (a) bronntanas a thug gaol nó cara leat nó cara le do chéile, nó le do leanbh nó le leanbh do chéile [folaíonn céile duine lena gcónaíonn tú] duit ar chúiseanna pearsanta amháin;
- (b) bronntanas nó bronntanais a thug an duine céanna duit le linn na tréimhse cuí agus nár mhó ná €634.87 ag tráth ar bith le linn na tréimhse cuí, maidir leis nó maidir leo luach ná luach comhiomlán na maoine arbh é ábhar an bhronntanais é nó arbh iad ábhar na mbronntanas iad;
- (c) síntiús atá dearbhaithe agat cheana féin i ráiteas reatha síntiúis faoin Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh) 1999, a áireamh.

Maoin agus Seirbhísí^{vii}

- (2) (a) Maoin ar bith a sholáthair an duine céanna duit nó a thug an duine céanna ar iasacht duit, nó seirbhís a sholáthair an duine céanna duit, uair amháin nó níos mó ná uair amháin, le linn na tréimhse cuí, ar chomaoin nó ar chomaoiní, nó ar phraghas nó ar phraghsanna níos lú ná an chomaoin nó na comaoiní tráchtála, nó an praghas nó na praghsanna tráchtála, de níos mó ná €634.87 nó go raibh an comhiomlán níos mó ná €634.87; nó
- (b) maoin ar bith a sholáthair an duine céanna duit nó a thug an duine céanna ar iasacht duit, nó seirbhís a sholáthair an duine céanna duit, uair amháin nó níos mó ná uair amháin, le linn na tréimhse cuí, saor in aisce i gcás go raibh an chomaoin nó na comaoiní tráchtála, nó an praghas nó na praghsanna tráchtála níos mó ná €634.87 nó go raibh an comhiomlán níos mó ná €634.87; ach i gcás (a) agus (b) iad araon gan
- (i) maoin a sholáthair nó a thug gaol nó cara leat, nó cara le do chéile ar iasacht duit, nó seirbhís a sholáthair gaol nó cara leat, nó cara le do chéile duit i gcás gur cineál bronntanais é an soláthar nó an iasacht a tugadh duit agus ar chúiseanna pearsanta amháin,
- (ii) síntiús atá dearbhaithe agat cheana féin i ráiteas reatha síntiúis faoin Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh) 1999, a áireamh.

Tuirisc ar an mBronntanas, Maoin agus/nó Seirbhís	Ainm agus Seoladh an Tairbhí, an tSoláthraí agus/nó an Iasachtóra
FAIC	

8. Conarthaí Údaráis Áitiúil

Conradh ar bith inar pháirtí tú, nó ina raibh leas agat in aon slí eile, go díreach nó go neamhdhíreach, maidir le soláthar earraí nó seirbhísí d'údarás áitiúil le linn na tréimhse cúí, i gcás gur mó ná €6,348.69 luach na n-earraí nó na seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse, nó más rud é gur soláthraíodh earraí nó seirbhísí eile faoi chonradh den sórt sin d'údarás áitiúil le linn na tréimhse sin, i gcás gur mó ná €6,348.69 a luach comhiomlán.

Ainm agus Seoladh an Chonraitheora	Tuairisc ar an gConradh	Údarás Áitiúil lena mBaineann
Faic	Faic	—

9. Gnóthaí Polaitíochta nó Poiblí/brústocaire agus araile.

Post ar bith ar luach saothair a bhí agat mar bhrústocaire, sainchomhairleoir nó comhairleoir gnóthaí polaitíochta nó poiblí le linn na tréimhse cúí.

Tuairisc ar an bPost	Ainm agus Seoladh an Duine / na Cuideachta / na hEagraíochta
Faic	Faic

10. Leasanna Breise ar Bith Eile

Leas ar bith eile ar mian leat eolas a chur ar fáil faoi go deonach.

—

NÓTAÍ

Tréimhse Chuí

Ciallaíonn tréimhse chuí an tréimhse arna clúdach agus sonraí á dtabhairt faoi leasanna is gá a fhógairt. I gcás an chéad dearbhaithe ciallaíonn tréimhse chuí an tréimhse 12 mí roimh agus lena n-áirítear an lá a shíníonn tú an fhoirm dhearbhaithe bhliantúil. I ndáil le dearbhuithe ina dhiaidh sin is í an tréimhse an tréimhse idir an dáta a ndearna tú an dearbhú roimhe sin agus dáta an chéad dearbhaithe eile.

Neamhdhearbhú an mhéid

Ní gá méid ná luach airgid aon leasanna is gá a fhógairt a shonrú. (Alt 171(5) den Acht).

Talamh

I folaíonn "talamh" gach maoin lena n-áirítear foirgnimh, áitribh, agus araile. Is cóir gach leas talún sa Stát a dhearbhú.

Cuideachta

ⁱⁱ I gcás aon chomhlacht ar cuideachta é de réir bhrí alt 155 d'Acht na gCuideachtaí, 1963, go measfar, faoin alt sin, cuideachta a bheith ina fochuideachta do chuideachta eile nó cuideachta a bheith ina cuideachta shealbhaíochta ag cuideachta eile den sórt sin, measfar duine gur ball é nó í de chuideachta chéadluaite den sórt sin a bheith freisin ina bhall nó ina ball den chuideachta eile chun críocha an dearbhaithe bhliantúil. (Alt 166(3) den Acht).

Neamhdhearbhú leasanna áirithe talún

ⁱⁱⁱ Ní gá leas i dtalamh ná leas a bhaineann le talamh ná aon ghnó a dhéileálann i dtalamh nó a fhorbraíonn talamh a dhearbhú i gcás gur de bhíthin úinéireacht thairbhiúil amháin leatsa nó le d'ainmní leas den sórt sin i scaireanna i gcuideachta nó i gcomhlacht eile agus nach dtéann luach ainmniúil iomlán na scaireanna sin thar cibé acu is lú €12,697.38 nó 1/100ú cuid den luach ainmniúil iomlán, de scairchaipiteal eisithe na cuideachta nó an chomhlachta nó, i gcás go n-eisítear an caipiteal sin i scaireanna de bhreis ar aon chineál amháin, agus gurb é nó gurb iad an cineál nó na cineálacha scaireanna ina bhfuil leas agat, an scairchaipiteal a eisíodh. Tagraíonn alt 167(3)) den Acht.

Leas Is Gá a Fhógairt uimh. 4

^{iv} Féach nóta iii thuas.

Sealúchas (scaireanna agus araile)

^v ní áiríonn “sealúchas” airgead i gcuntas reatha, i gcuntas taisce ná i gcuntas cosúil eile le hinstitiúid airgeadais (féach leas is gá a fhógairt uimh. 5).

Stiúrtóireacht Fholaitheach

^{vi} ciallaíonn “stiúrtóireacht fholaitheach” an post atá ag duine atá ina stiúrtóir folaitheach chun críocha Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1999. (féach leas is gá a fhógairt uimh. 6).

Leas Is Gá a Fhógairt uimh. 7

^{vii} Sa mhéid is a bhaineann na seirbhísí ag (2) le leas is gá a fhógairt uimh. 7 le seirbhísí dlí nó míochaine, ní gá ach a lua gur soláthraíodh seirbhísí den sórt sin.